



ACMHAINN 2

Costas Daonna Dhainnean na hEorpa

Sárúithe ar chearta an duine á ndéanamh in aghaidh imirceach agus teifeach ag teorainneacha na hEorpa Amnesty International

Gach bliain, déanann na mílte imirceach agus teifeach iarracht teacht chomh fada leis an Eoraip. Bíonn cuid acu ag iarraidh éalú ón mbochtaineacht chráite; bíonn tuilleadh acu ag lorg tearmainn ón bhforéigean agus ón ngéarleanúint. Níl deireadh go deo leis na contúirtí atá rompu ar a n-aistear. Ón mbliain 2000, meastar gur bhásaigh 23 000 duine ar a laghad agus iad ag iarraidh teacht chomh fada leis an Eoraip.¹ Agus an dream sin a n-éiríonn leo teacht chomh fada leis an teorainneacha atá ag an Aontas Eorpach (AE), ní go baileach atá siad ábalta teacht ar ionad sábháilte.

Tá daingean cruthaithe ag AE agus a chuid Ballstát a bhfuil sé ag éirí níos deacra i gcónaí bealach a aimsiú tríd agus is ann don daingean seo chun imircigh a choinneáil amach – gan beann ar na cúiseanna atá acu le teacht, beag beann ar an anró a dtéann go leor acu tríd chun cóstaí na hEorpa a bhaint amach. Chun teorainneacha AE a ‘chosaint’, tá maoiniú déanta ag an Aontas ar chórais shofaisticiúla faireachais; tá tacaíocht airgeadais tugtha aige do na Ballstáit a bhfuil teorainneacha acu atá ar imeall an Aontais (e.g. an Bhulgáir agus an Ghréig) chun go bhféadfaidh siadsan a gcuid teorainneacha a neartú, agus tá gníomhaireacht cruthaithe aige chun comhordú a dhéanamh ar mheitheal uile-Eorpach de ghardaí teorann a bheidh ar patról ag teorainneacha amuigh an Aontais Eorpaigh.

Tá dianbhearta á gcur i bhfeidhm ag Ballstáit ar leith den Aontas chun stad a chur le daoine teacht isteach ar mhodh neamhrialta. Tá imircigh agus teifigh á ndíbirt go mídhleathach as an mBulgáir, as an nGréig agus as an Spáinn, gan deis a bheith tugtha dóibh leas a bhaint as na nósanna imeachta chun tearmann a iarraidh agus go minic déantar an méid sin ar shlí a chuireann a mbeatha i mbaol. Caitheann gardaí teorann agus gardaí cósta go dona leo. Chomh maith leis sin, is bagairt ina n-aghaidh ag cuid de na Ballstáit é go gcoinneofar faoi choinneáil ar feadh tréimhsí fada iad le súil agus go gcuirfidh sé sin daoine eile ó bheith ag smaoinemh ar a theacht chun na nEorpa.²

Is é is teifeach ann ná duine atá tar éis teitheadh as a thír féin mar go bhfuil údar maith ann le heagla a bheith ar an duine sin go ndéanfaí géarleanúint air nó uirthi agus nach féidir leis an rialtas, nó nach mian leis an rialtas, cosaint a thabhairt don duine sin. Tá **nósanna imeachta tearmainn** ceaptha a dhéanamh amach an gcomhlíonann duine an sainmhíniú dlíthiúil atá ar theifeach. Nuair a thugann tír an t-aitheantas gur teifeach atá i nduine, tugann an tír sin **cosaint idirnáisiúnta** dó nó di atá mar chosaint a thagann in ionad na cosanta ba cheart a bheith ar fáil ina thír nó ina tír féin.

Is éard is **lucht iarrtha tearmainn** ann ná daoine a bhfuil a dtír féin fágtha acu agus iad ag lorg cosanta, ach nach bhfuil aitheantas mar theifeach faighte go fóill acu. I rith an ama a bhíonn éileamh ar thearmann á scrúdú, ní féidir a chur faoi deara do lucht iarrtha tearmainn fillleadh ar a dtír féin.

Maidir leis na bearta a bhíonn in úsáid ag AE, ní stadann siad sin díreach ag teorainneacha an Aontais agus tá feidhm acu i dtíortha comharsanacha. Tá iarracht déanta ag AE agus a chuid Ballstát crios maolánach a chruthú trí chomhaontuithe comhair a dhéanamh le tíortha comharsanacha agus cuidíonn sé sin leis an imirce neamhrialta chun na hEorpa a stopadh. Tá ionaid glactha isteach agus ionaid choinneála bunaithe acu chun fónamh d’imircigh agus do theifigh i dtíortha ina bhfuil cúis



ÁRAS STAIR NA HEORPA

mhaith buartha ann i dtaobh rochtain a bheith ag na daoine sin ar nósanna imeachta tearmainn le linn dóibh a bheith faoi choinneáil, mar shampla an Tuirc agus an Úcráin.³ Tá comhaontuithe maidir le hathghlacadh isteach déanta acu le tíortha tionscnaimh agus le tíortha idirthurais, rud a éascaíonn an scéal chun daoine a n-éiríonn leo teacht chomh fada leis an Eoraip a chur ar ais.

Na miotais

Tá dream ann in AE agus i measc na meán a bhfuil iarracht déanta acu a thabhairt le fios go bhfuil cúis mhaith le beartais imirce a bheith ag fáil níos déine mar gheall ar go bhfuil ar an Eoraip déileáil le níos mó ná a sciar cothrom féin de theifigh agus d'imircigh. Rinneadh an argóint go minic freisin gur imircigh eacnamaíochta iad formhór mór na ndaoine a thagann isteach san Eoraip ar mhodh neamhrialta.

Na fíricí

Maidir le formhór mór de theifigh an domhain, ní fhágann siad na réigiúin dár dóibh iad. Amhail ag deireadh 2013, is iad seo a leanas na tíortha a bhí ag glacadh isteach leis an líon is mó teifeach: an Phacastáin, an Iaráin, an Liobáin, an Iordáin, an Tuirc, an Chéinia, Sead, an Aetóip, an tSín agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.⁴

Ó thús na géarchéime sa tSiria, tá os cionn 2.8 milliún Siriach ann atá tar éis teitheadh óna mbaile féin – agus is leanaí níos mó ná a leath díobh sin.⁵ Níl ach 96 000 díobh sin ann ar éirigh leo teacht chomh fada leis an Eoraip ar lorg cosanta (na sonraí mar a bhí i ndeireadh an Aibreáin 2014).⁶ In 2013, is ón tSiria, ón Eiritré, ón Afganastáin agus ón tSomáil a tháinig 48 % de na daoine a tháinig isteach ar mhodh neamhrialta agus 63 % díobh siúd a tháinig ar mhodh neamhrialta thar farraige; is tíortha iad sin atá scriosta ag an gcogadh agus ag droch-úsáid leanúnach ar chearta an duine.⁷ Tromlach na ndaoine sin a theitheann ón dtíortha féin, is léir gur ag imeacht ó fhoréigean forleathan nó ó ghéarleanúint atá siad agus, ar bhonn *prima facie*, is léir gur gá cosaint idirnáisiúnta a thabhairt dóibh.

Maidir leis na bearta seo, ar féidir amhras a chaitheamh ar chomh héifeachtach atá siad i stad a chur leis an imirce ar mhodh neamhrialta chun na hEorpa, cruthaíonn siad fulaingt dhaonna agus faigheann daoine bás dá mbarr.⁸ Ós rud é go bhfuil fálta á dtógáil anois ar na bealaí atá réasúnta sábháilte isteach chuig AE, go bhfuil méadú ar an bhfaireachas agus go bhfuil níos mó agus níos fórsaí slándála á gcur ar dualgas, tá ar dhaoine bealaí eile a lorg atá níos contúirtí fós agus amanna is tubaisteach an deireadh a bhíonn ar an gcinneadh sin. Tá mná, fir agus leanaí á mbá san fharraige nó iad á bplúchadh i gcúl leoraithe. Foréigean atá rompu ag teorainneacha an Aontais agus séantar orthu an ceart chun tearmann a lorg. Tá daoine ann atá ag iarraidh teacht isteach in AE agus is é an deireadh a bhíonn lena scéal go mbíonn siad sáinnithe i dtíortha amhail an Libia, Maracó, an Úcráin nó an Tuirc – áiteanna a bhfuil na cearta atá acu i mbaol. Sna tíortha sin dóibh, d'fhéadfaidís a bheith fágtha ar an bhfaraor géar agus gan teacht acu ar chearta sóisialta agus eacnamaíochta, nó d'fhéadfadh sé gur foréigean nó fiú céastóireacht a dhéanfaí orthu.⁹

Tagraíonn an tuarascáil seo do 'Dhaingean na hEorpa', agus is é atá i gceist leis sin ná toradh iomlán na mbeartas agus na gcleachtas seo uile, bíodh sin laistigh de theorainneacha AE, ag na teorainneacha féin nó lasmuigh de na teorainneacha.



An tuarascáil iomlán: [The Human Cost of Fortress Europe](#) (arna rochtain an 7 Bealtaine 2015)

¹ Déantar an meastachán seo a ríomh trí na sonraí atá curtha i dtoll a chéile ag iriseoirí mar chuid den tionscadal ‘The Migrants Files,’ (Comhaid na nImirceach), atá ar fáil ag: <http://www.journalismfund.eu/migrants-files> (arna rochtain an 7 Bealtaine 2015).

² Mar shampla, gné mhór i mbeartas rialaithe imirce na Gréige is ea daoine a chur faoi choinneáil as éadan ar feadh tréimhsí fada i ndálaí suaracha, brocacha. Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi imircigh agus lucht iarrtha tearmainn a bheith faoi choinneáil sa Ghréig, féach an foilseachán seo ó Amnesty International, ‘Frontier Europe: Human rights abuses on Greece’s border with Turkey’ (Iúil 2013). An 20 Márta 2014, d’fhoilsigh Comhairle Dlí Stát na Gréige tuairim agus de réir na tuairime sin ceadáítear imircigh a chur faoi choinneáil ar feadh tréimhse ama nach bhfuil teorainn chinnte leis (Tuairim 44/2014). De réir na tuairime sin, a ndearna an tAire um Ord Poiblí agus um Chosaint na Saoránach í a ghlacadh ina dhiaidh sin trí bhíthin cinneadh aireachta, más rud é, laistigh de 18 mí (an tréimhse uasta ama a cheadáítear faoi dhlí AE daoine a bheith faoi choinneáil d’fhonn iad a chur as an tír amach), nach féidir duine atá faoi choinneáil a chur ar ais mar thoradh ar iadsan diúltú comhoibriú le húdaráis na Gréige, ansin is féidir iad a choimeád faoi choinneáil ar feadh tréimhse is faide ná 18 mí. Is léir gur sárú é sin ar an Treoir Eorpach maidir le Daoine a chur ar ais (Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeán agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go mídhleathach a chur ar ais) agus is sárú é ar oibleagáidí idirnáisúnta i leith chearta an duine atá ar an nGréig.

³ Féach mar shampla, Seirbhís Teifeach na nÍosánach, ‘No Other Option: Testimonies from Asylum Seekers Living in the Ukraine’ (Meitheamh 2011); ECRE, ‘Detention of Migrants in Ukraine’ (Deireadh Fómhair 2010); agus an bhileog tionscadail maidir le hionaid glactha isteach agus ionaid curtha ar ais a bhunú sa Tuirc, a bhfuil fáil uirthi [anseo](#) (arna rochtain an 20 Meitheamh 2014). Le haghaidh faisnéis i dtaobh na ndálaí coinneála sa Tuirc, féach an roinn ‘Sáinnithe san Idirthuras’. Maidir leis an Úcráin, féach an doiciméad ó Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR), ‘Ukraine as a country of asylum: Observations on the situation of asylum-seekers and refugees in Ukraine’, Iúil 2013.

⁴ UNHCR, Global Trends 2013, 20 Meitheamh 2014.

⁵ Freagairt UNHCR ar Chás Réigiúnach na dTeifeach sa tSiria, ar fáil [anseo](#) (arna rochtain an 7 Bealtaine 2015).

⁶ Comhfhreagras ríomhphoist le UNHCR (20 Bealtaine 2014).

⁷ Anailís Rioscaí Bhliantúil Frontex 2014, 14 Bealtaine 2014.

⁸ De réir Anailís Rioscaí Bhliantúil Frontex 2014, tháinig méadú de bheagnach 50 % in 2013 i gcomparáid le 2012 ar an líon daoine a tháinig isteach san Eoraip ar mhodh neamhrialta.

⁹ Féach na foilseacháin seo a leanas ó Amnesty International: ‘“If an African dies here, no one cares” – abuses of migrants and refugees in detention in Libya’ (Nollaig 2013); ‘Scapegoats of Fear: Rights of Refugees, Asylum-Seekers and Migrants Abused in Libya’ (Meitheamh 2013); ‘Seeking Safety, Finding Fear: Refugees, Asylum seekers and migrants in Libya and Malta’ (Nollaig 2010); ‘SOS Europe: Human Rights and Migration Control’ (Meitheamh 2012); ‘Frontier Europe: Human Rights abuses on Greece’s border with Turkey’ (Iúil 2013); ‘An International Failure: the Syrian Refugee Crisis’ (Nollaig 2013); ‘Refugees in Bulgaria trapped in substandard conditions’ (Nollaig 2013). Féach freisin: ‘Ukraine as a country of asylum. Observations on the situation of asylum-seekers and refugees in Ukraine’ (Iúil 2013), agus Raphi R. Rechitsky, ‘Refugee Migration to Ukraine and the Geopolitics Of Control At Europe’s Eastern Borders’, 1 Aibreán 2013, Nuachtlitir *Fahamu Refugee Legal Aid*.